



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta

Plean Straitéiseach

2021 - 25



Fáilte ón Déan Feidhmiúcháin



Fáilte chuig Plean Straitéiseach 2021-2025 Choláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, OÉ Gaillimh.

Is toradh an plean straitéiseach seo ar chomhairliúchán leathan le comhaltaí foirne uile an Choláiste. Áiríodh leis an gcomhairliúchán sin cruinnithe fóraim oscailte mar aon le tiomsú na n-ionchur ó chomhaltaí aonair. Rinne coistí dianobair ansin i réimsí indibhidiúla faoi stiúir na Leas-Déan agus bhaill ghrúpa Feidhmiúcháin an Choláiste, agus ar deireadh rinne mé féin agus baill eile d’fhoireann an Choláiste an obair a chomhtháthú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine as ucht a smaointeoireachta nuálaí agus cruthaithí, agus as a rannpháirtíocht sa phróiseas, mar aon leis an obair chrua ar fad a rinne na coistí agus foireann Oifig an Choláiste agus, go háirithe, Foireann Bainistíochta an Choláiste.

Tógann an straitéis seo ar shaineolas agus ar uailmhian bhaill an Choláiste, ach tá sí ag teacht go láidir le straitéis na hOllscoile. Tugann an straitéis sin, agus a cur chuige atá bunaithe ar luachanna, mar atá, Meas, Barr Feabhais, Oscailteacht agus Inbhuanaitheacht, fócas don straitéis seo chomh maith. Tá buíochas tuillte mar sin ag an Uachtarán, Ciarán Ó hÓgartaigh agus acu siúd ar fad a raibh baint acu le forbairt agus le feidhmiú na straitéise sin, agus go háirithe an Dr John Caulfield, Stiúrthóir Feidhmithe Straitéise na hOllscoile.

Mínítear sa doiciméad seo cé muid féin, agus é sin a bhfuilimid ag iarraidh a bhaint amach. Leagtar amach inar bplean gníomhaíochta atá luaite leis an straitéis seo an cur chuige a ghlacfaimid chugainn féin chun ár gcuspóirí agus ár n-uailmhianta a leabú inár gcleachtais oibre.

Tá súil agam go léireofar inár bplean an uailmhian mhór atá againn Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, agus OÉ Gaillimh féin, a bhrú chun cinn le go mbeimid in ann taighde agus nuálaíocht atá idir ábhartha agus ar ardchaighdeán a sheachadadh, a rachaidh chun tairbhe ár réigiúin, chun tairbhe na hÉireann agus an domhain mhóir, agus eispéireas oideachais den scoth a chur ar fáil dár mic léinn a chothóidh smaointeoireacht chriticiúil, ceannaireacht, infhostaitheacht agus gairmiúlacht.

Agus iad ag déanamh amhlaidh, cuirfidh ár dtaighdeoirí agus mic léinn an straitéis seo i gcrích sna deich mbliana romhainn agus ina dhiaidh sin, cibé áit a mbeidh siad lonnaithe, agus iad á dtreorú i gcónaí ag ár luachanna agus spiorad.

Achoimre Feidhmiúcháin

Déanann ár gColáiste nua Eolaíochta agus Innealtóireachta eolaíocht agus innealtóireacht a thabhairt le chéile, agus is ann a éascófar próiseas na fionnachtana agus an chruthaitheacht le go spreagfaí an nuálaíocht agus go gcothófaí athruithe ó bhonn. Ligeann sé sin dúinn dul i dtír ar na sineirgí agus an móiminteam a tháinig as an gcónascadh a rinneadh idir an Eolaíocht agus an Innealtóireacht chun ár ngníomhaíochtaí a athnuachan agus a athchalabhrú sa tréimhse 2021-25. Tá saineolas ár gColáiste trí chéile mar aon le hidirdhisciplíneacht an tsaineolais sin ag croilár an athraithe sin chun feabhais. Ligeann sé dúinn eispéireas foghlama trasdisciplíneach a thairiscint do chéimithe an Choláiste sa todhchaí, ar céimithe eolaíochta agus innealtóireachta a bheidh iontu atá idir chruthaitheach, fhiosrach, bheo-intinneach agus chéimiúil.

Dírítear sa straitéis uileghabhálach atá againn ar scála agus ar chaighdeán an oideachais agus an taighde atá á thairiscint againn, agus go háirithe orthu siúd a tharraingíonn go huathúil ar ár láidreachtaí idirdhisciplíneacha agus ar láidreachtaí ár gcomhghleacaithe san Ollscoil trí chéile. Féachann an straitéis chomh maith lenár bpróifíl agus ár gcáil idirnáisiúnta a threisiú. Anuas air sin, féachfaimid lenár mic léinn a fhorbairt trí fheabhas a chur ar a n-eispéireas foghlama, agus trí thimpeallacht oibre níos fearr a chothú dár bhfoireann, dul chun cinn suntasach a dhéanamh lenár bpleananna d’fhoirgneamh nua eolaíochta, agus an Ollscoil a threorú i dtreo na sprice atá aici teastas na saotharlainne glaise agus neodracht charbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030.

Agus ár straitéis á cur i dtoll a chéile againn, tarraingimid ar an dúil atá againn i dtaighde ceannródaíoch agus ar ár gcruthaitheacht chun cúrsa oibre a leagan amach dúinn féin, agus ullmhú lena aghaidh. Tá an-bhéim ar thaighde sa choláiste, agus tugann an taighde sin bonn eolais dár dteagasc.

Díreoidimid ar bharr feabhais a bhaint amach inár gcláir agus inár ngníomhaíochtaí taighde sna cúig bliana romhainn. Ní hiad na noirm a bhí i bhfeidhm roimh an bpaindéim a bheidh ann amach anseo sa ré iar-COVID maidir le heispéireas an mhic léinn agus seachadadh oideachais. Ina n-áit siúd, tapóimid an deis dul i dtír ar an taithí a bhí againn agus ar na bearta nuálaíocha ar thug an fhoireann fúthu le go mbainfimid leas as eispéireas foghlama cumaisc iomlán agus le go n-éascófar curaclaim níos solúbtha agus níos nuálaíche atá dírithe ar mhic léinn, rud a fhágfaidh go mbeidh mic léinn ag baint tairbhe as oideolaíocht éifeachtach agus as oideachas atá fréamhaithe sa taighde (Barr Feabhais).

Aithnímid gur taighde físiúil agus úrnua is ea cuid mhaith den ghníomhaíocht taighde a bhíonn ar siúl sa Choláiste. Spreagann an taighde sin eolas agus smaointe nua a mbaineann luach mór daonna, cultúrtha agus intleachtúil leo, chomh maith le féidearthachtaí don todchaí nach n-aithnítear fós. Féachfaimid chuige, mar sin, go dtacófar lena leithéid de thaighde i gcónaí. Anuas air sin, cothaimid agus fáiltimid roimh uailmhian i réimse an taighde agus na nuálaíochta chun dul i ngleic leis na téamaí mórdhúshláin sin ar féidir iad a ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha na hOllscoile agus le ceann amháin dár dtrí Phríomhinstitiúid Taighde.

“áit a éascófar próiseas na fionnachtana agus an chruthaitheacht le go spreagfaí an nuálaíocht agus go gcothófaí athruithe ó bhonn”

An sprioc atá leagtha amach againn dúinn féin Ionad Oiliúna Taighde amháin nó níos mó a chur ar bun do gach institiúid taighde. Maoineofar na hionaid oiliúna taighde seo ó fhoinsí náisiúnta, idirnáisiúnta (an tAE, go príomha) agus neamhrialtasacha agus beidh mórchomhpháirtíochtaí straitéiseacha ag gach ceann acu le haonáin taighde den chéad scoth lasmuigh d'Éirinn.

Beifear ag súil go ndéanfaidh lucht acadúil ina nduine agus ina nduine taighde feidhmeach a chur chun cinn, go dtabharfaidh siad faoi chomhoibriú le comhghleacaithe san Ollscoil trí chéile, agus go bhforbróidh siad naisc éifeachtacha le piaraí in Ollscoileanna móra an domhain agus in institiúidí taighde den chéad scoth (**Barr Feabhais; Oscailteacht**).

Déanfar an t-aistriú do chúig Scoil a chríochnú luath sa tréimhse pleanála seo, agus na 16 Dhisciplín a bhíodh ann a scor, le go ndéanfar scoileanna a chumhachtú le bheith in mbunaonaid eagrúcháin acadúla sa Choláiste. Príomhchuspóir den athstruchtúr seo is ea na scoileanna a ullmhú le bheith faoi réir a mborrtha agus a bhfás ar bhonn inbhuanaithe, go mbeidh riar na scoileanna éifeachtach agus solúbtha agus go ndéanfar sineirgí idirdhisciplíneacha a bharrfheabhsú i dteagasc agus i dtaighde araon.

Gné shuntasach den straitéis is ea tiomantas athnuaite speis an phobail a chothú, mic léinn ó chúlraí éagsúla a earcú agus cur le rannpháirtíocht idirnáisiúnta, go háirithe ag an leibhéal fochéime, agus ag an leibhéal iarchéime chomh maith (**Inbhuanaitheacht; Oscailteacht**).

Féachfaimid leis an mbuntáiste is mó a bhaint as oideachas trasnáisiúnta, as líonra Ollscoileanna na hEorpa agus as deiseanna soghluaisteachta fíorúla mar aon le níos mó deiseanna soghluaisteachta amach do mhic léinn agus don fhoireann le go mbeimid in ann an ról is mó agus is féidir a ghlacadh ar bhonn domhanda.

Aithnímid, mar choláiste, na sinéirgí a éiríonn as luach na hinbhuanaitheachta agus ár mbunluachanna eile. Mar shampla, nuair a dhéanaimid inbhuanaitheacht a neadú, cuirimid barr feabhais chun cinn in ár misean, oscailteacht inár gcur chuige, agus léireoimid meas ar ár bpobal, ar ár n-áit agus ar ár ndán. Tiomáinfidh baill an Choláiste seachadadh straitéiseach agus beartach na hOllscoile, agus reachtálfar cláir thaighde láidre atá ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) chomh maith le tairiscintí oideachais.

Cuirfidh an Coláiste agus a bhfuil ag obair ann rompu inbhuanaitheacht a leabú inár ngníomhaíochtaí laethúla, agus déanfar gach iarracht cúrsaí airgeadais an Choláiste a rialú go stuama i gcónaí. Bainfear amach teastasú Greenlab do gach saotharlann taighde agus teagaisc thar thréimhse an phlean seo (**Inbhuanaitheacht**).

Beidh creidiúnú Cré-umha Athena SWAN, ar a laghad, ag gach Scoil sa Choláiste faoin mbliain 2025, agus beidh an gradam airgid ag dhá scoil ar a laghad. Tabharfar aghaidh ar éagothroime inscne tríd an éagsúlacht a chur chun cinn agus tríd an éagsúlacht sin a bheith soiléir agus infheicthe i gcás na bpost ceannaireachta (**Meas**).

Beidh na múnlaí atá i bhfeidhm i ngach scoil maidir le leithdháileadh ualaí oibre cothrom, oscailte agus trédhearcach, agus beidh córas meantóireachta dea-fhorbartha agus gníomhach i bhfeidhm do gach comhalta foirne. Tabharfar spreagadh do gach comhalta foirne acadúil glacadh le saoire shabóideach nuair atá siad i dteideal déanamh amhlaidh (**Meas; Oscailteacht**).

Is gá feabhas substaintiúil a chur ar infreastruchtúr an Choláiste chun go mbeidh sé in ann a bhfuil beartaithe aige a bhaint amach, agus san áireamh leis sin tá uasghrádú agus athchóiriú leanúnach ar spás ardchaighdeán. An ghné is tábhachtaí ná go leagfaimis amach plean agus amlíne shoiléir don mhaoiniú a bheidh ag teastáil chun foirgneamh nua a thógáil do na gníomhaíochtaí taighde agus don oideachas eolaíochta atá ar siúl i láthair na huair ar Shlí Dála na nDán/na hEolaíochta.



Sracfhéachaint 2021



DAOINE

5,062 mac léinn

705 comhalta foirne

320 mac léinn ar shocrúchán oibre

1 Ghradam Cré-Umha Athena Swan

97% Éiríonn le 97% de mhic léinn post a fháil nó tugann siad faoi staidéar breise



INBHUANAITHEACHT

145 modúl ina gcuimsítear prionsabail na hinbhuanaitheachta

69% Tá 69% dár bhfoilseacháin innéacsaithe ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna)

44th Worldwide rank for UN SDG11 Sustainable Cities and Communities Through the ALIVE programme, our students undertake more than 30,000 hours annually of voluntary activity across the University campus, Galway city, and wider communities to develop their own practical skills and civic awareness

4 flagship community engaged learning modules, where students gain academic credit while working in partnership with civic and civil society organisations (CSOs), to act on local and global societal challenges

26ú Rangaithe sa 26ú háit ar domhan do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDG14) An Saol Faoi Thoinn

14ú Rangaithe sa 14ú háit ar domhan do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDG7) Fuinneamh Inacmhainne agus Glan



TAIGHDE & NUALAÍOCHT

€154.6M ioncam ó thaighde díreach sna blianta acadúla 2015/16 go 2019/20

€58.5M an méid maoinithe iomlán a tarraingíodh anuas ó Fhís 2020

Triúr de na taighdeoirí is mó a luaitear ar domhan, de réir Clarivate Analytics 3,144 foilseachán innéacsaithe (2015-2019)

36,375 lua (2015-2019)

189 teicneolaíocht nua (2016-2020)

45 paitinn (2016-2020)

13 mhac-chuideachta (2016-2020)

7 ndámhachtain de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC)

3 Institiúid Taighde

I gceannas ar CÚRAM Ionad Taighde SFI d’Fheistí Leighis

I gcomhcheannas ar Ionad Taighde Anailísíochta Sonraí Insight SFI

I gceannas ar Ionad Taighde SFI d’Oiliúint Taighde in Eolaíocht Sonraí Géanómaíochta



DOMHANDA

847 mac léinn idirnáisiúnta (17%)

26 mac léinn ar chlár Erasmus

Comhpháirtíochtaí taighde le 1,707 institiúid idirnáisiúnta in 86 tír agus 55% de pháipéir taighde le comhúdair idirnáisiúnta

Ár Misean

Bíonn eolaithe ag iniúchadh fad a bhíonn innealtóirí ag cruthú. Le chéile, bímid ag aimsiú agus ag athrú.

Ár Misean – An chúis gurb ann dúinn

Meascán de thaighde, nuálaíocht agus oideachas atá i gceist le Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, agus cuimsíonn na gníomhaíochtaí sin réimse iomlán na heolaíochta agus na hinnealtóireachta.

An misean atá romhainn taighde agus nuálaíocht bhunathraitheach a tháirgeadh a fhágfaidh a lorg ar an domhan, agus eispéireas oideachais agus ollscoile den chéad scoth a chur ar fáil atá dírithe ar an mac léinn, bímis ag faire ar na réaltaí nó ag déanamh grinnstaidéir ar mhóilíní.

Tá cur chuige na hidirdhisciplíneachta againn agus cuireann sé sin ar ár gcumas glacadh le cur chuige trasdisciplíneach i leith na foghlama atá sofhreagrúil agus sainiúil, agus trína gcothaítear an chruthaitheacht agus an fiosrúchán.

Tá na cláir atá á dtairiscint againn forásach, éagsúil agus á dtreorú ag an taighde. Agus muid ag baint leas as láidreachtaí sainiúla an réigiúin i réimsí cosúil le teicneolaíochtaí leighis, éiceolaíocht mhara, sonraí/ICT agus teicneolaíochtaí cumasúcháin, oibrímid as lámha a chéile leis an earnáil ghnó agus tionscail chun céimithe a chur ar fáil a bhfuil na scileanna agus an t-eolas acu chun borradh a chur faoin nuálaíocht, an geilleagar agus taighde, agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus ar dhúshlání dhomhanda.

Cuirimid romhainn i gcónaí cáil an Choláiste a chothú, agus timpeallacht a chruthú inar féidir leis an nuálaíocht agus an chruthaitheacht bláthú. Féachfaimid le taighde feidhmeach den scoth a dhéanamh a bhfuil meas air go hidirnáisiúnta, agus ár gcuid taighde a chur ar taispeántas don domhan le go gcuirfí an nuálaíocht chun cinn, agus ar an gcaoi sin go gcuirfí le misean OÉ Gaillimh *‘leas an phobail a dhéanamh.’*

Ár bhFís

Ag athrú ó bhonn san eolaíocht agus san innealtóireacht a bhrú chun cinn.

Ár bhFís – An bóthar romhainn

Agus í ailínithe le **Fís i gCoiteann, Múnlaíthe ag Luachanna, Straitéis OÉ Gaillimh 2020-2025**, an fhís atá againn go mbeadh ár gColáiste ina údar d’athrú ó bhonn agus go dtiocfaimis i dtír ar ár láidreachtaí saineúla chun taighde agus teagasc ábhartha den scoth a sheachadadh (Barr Feabhais; Inbhuanaitheacht), chomh maith le timpeallacht chuimsitheach do mhic léinn agus don fhoireann (*Oscailteacht; Meas*).

Mar choláiste, tá ár n-uailmhianta ag brath ar *ár ndaoine*, ár gcuid mac léinn, agus ár gcomhaltaí foirne, ar taighdeoirí agus oideachasóirí cruthaitheacha, nuálaíocha agus muiníneach iad; ar *ár gcuspóir*, taighde agus teagasc atá ar fheabhas agus a bhfuil tionchar aige; agus ar *ár n-áit*, agus muid leabaithe inár gcathair agus inár réigiún agus cáil agus dearcadh idirnáisiúnta againn.

Is iad seo le chéile a thugann bonn don fhís atá ag Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta difear bríoch agus inbhuanaithe a dhéanamh ag an leibhéal domhanda.

Ár Luachanna



Meas



Barr Feabhais



Oscailteacht



Inbhuanaitheacht

Ár Luachanna

Creidimid i gColáiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta go bhfuil bunluachanna OÉ Gaillimh, mar atá **Barr Feabhais, Meas, Oscailteacht** agus **Inbhuanaitheacht**, rithabhachtach dár mbunghníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta, oideachais agus rannpháirtíochta. Tá dlúthcheangal idir na bunluachanna sin, agus treisíonn siad a chéile.

Déanann na luachanna seo ár dtosaíochtaí a shainmhíniú (*ár gcuspóir*), ár muinín agus eiteas a mhúnlú (*ár ndaoine*), agus tá siad mar bhonn agus mar thaca do chultúr rannpháirtíochta a fhágann gurbh fhíor dóibh siúd a mhaigh gur ar scáth a chéile a mhairimid (*ár n-áit*).

Tugaimid aird mar choláiste ar leabú ár gcuspóirí straitéiseacha sa mhórfhís sin agus sna luachanna a roinnimid lenár gcomhghleacaithe in OÉ Gaillimh trí chéile. Anuas air sin, de réir thiomantais na hOllscoile faoin gComhaontú maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, tá ár gcuspóirí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí leabaithe le Spriocanna sin na Náisiún Aontaithe.

Aithnímid anois a bhfuil beartaithe againn i gcomhthéacs gach luach, agus inár **bPlean Gníomhaíochrta** (www.nuigalway.ie/science-engineering/strategicplan), leagaimid amach an chaoi a ndéanfaimid é, chun go mbeadh fócas agus treoir dár ngníomhaíochtaí sna cúig bliana romhainn.

Cuspóirí straitéiseacha

a ndéanfaimid

Ag Tógáil don Todhchaí

Agus muid ag fáil inspioráid ónár *gcuspóir agus ár n-áit*, cuirfimid ár saineolas chun feidhme chun go mbeidh Gaillimh ar thús cadhnaíochta i réimsí an oideachais, an taighde agus na nuálaíochta in earnálacha na heolaíochta agus na hinnealtóireachta, rud a chuirfidh le forbairt an réigiúin ar bhonn níos leithne, le hacmhainneacht bhreisithe teagaisc agus taighde agus, mar thoradh air sin, a chuirfidh céimithe eolaíochta agus innealtóireachta ar fáil i réimsí a mbeidh ábharthacht straitéiseach ag baint leo d'Éirinn agus don domhan sa todhchaí.

An sprioc is tábhachtaí atá againn maidir le mórinfheistíocht chaipitil i rith shaolré an Phlean seo ná foirgneamh eolaíochta nua. Chabhródh foirgneamh nua linn infreastruktúr agus caighdeán na timpeallachta sna réimsí eolaíochta níos leithne atá againn a thabhairt suas ag na leibhéil sin atá i bhfeidhm faoi láthair don Innealtóireacht agus don Eolaíocht Bhitheleighe, rud a chuirfidh ar ár gcumas forbairt a dhéanamh, agus taighde agus teagasc den scoth a sheachadadh.

Beidh an foirgneamh nua seo sa bhreis ar thosaíochtaí caipitil eile chun foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú agus a bharrfheabhsú, agus síneadh a chur leo. Áirítear leis na tionscnaimh sin síneadh a chur leis an Áras Eolaíochtaí Bhitheleighe, an Institiúid Eolaíochta Sonraí agus saoráid mhonatóireachta an Atmaisféir ag Ceann Mhása a uasghrádú, agus Saoráid Taighde Sáile Charna a athnuachan/athlonnú.

Tá ár luachanna á léiriú ag na tosaíochtaí caipitil seo sa mhéid is go mbeidh mar thoradh orthu infreastruktúr a chuirfidh ar chumas an Choláiste oideachas agus deiseanna taighde den scoth a chur ar fáil (*Barr Feabhais*), go ndéanfar rochtain fhisiciúil agus áiseanna iomaíocha a fheabhsú dár mic léinn agus comhaltaí foirne (*Oscailteacht; Meas*), agus go ndéanfar solúbthacht agus inbhuanaitheacht a chomhtháthú le dearadh agus le bainistíocht foirgneamh (*Inbhuanaitheacht*).



Spriocanna Barr Feabhais

An fhís atá againn tacú le huailmhian i réimsí an oideachais, an taighde agus na nuálaíochta, cláir nuálaíocha agus iomaíocha a chur ar fáil, agus oibriú i dtreo barr feabhais i gcónaí. Déanfaimid amhlaidh trí oideachas a chur ar dhaoine ardchumais, agus iad a fhorbairt, trí thaighdeoirí den chéad scoth a mhealladh, acmhainn intleachtúil a chur ar fáil agus taighde bunúil aistritheach a chothú.

Táimid ag súil, agus is mór againn, an tsárfheidhmíocht inár gcuid iarrachtaí ar fad.

An sprioc atá leagtha amach againn dúinn féin barr feabhais a bhaint amach inár gcláir theagaisc le go mbeidh idir mhic léinn fochéime agus iarchéime eolaíochta agus innealtóireachta ag iarraidh staidéar linn.

Tá sé mar aidhm againn curaclaim thrasdisciplíneacha nuálaíocha a fhorbairt atá fréamhaithe i dtaighde. Féachfaimid leis an inbhuanaitheacht a leabú sna curaclaim sin, bainfear úsáid as modhanna teagaisc atá bunaithe ar fhianaise agus tarraingeoide siad ar ár láidreachtaí idirdisciplíneacha. Cuirfidh sé sin ar chumas na mac léinn gairmeacha rathúla a fhorbairt dóibh féin, agus cion tairbhe a dhéanamh don tsochaí.

Gné shuntasach dár straitéis is ea leas a bhaint as an taithí a bhí againn le déanaí ar sheachadadh ar líne chun curaclaim foghlama cumaisc níos solúbtha a chruthú atá dírithe ar mhic léinn agus a bhfuil bonn eolais oideolaíocha fúthu mar aon le measúnaithe malartacha. Díreimid go sonrach ar shárchaighdeán teagaisc a bhaint amach chun:

- Cur ar chumas na mac léinn leas a bhaint as an bhfoghlaim fadsaoil, agus fostaíocht a fháil
- Cur le heispéireas na mac léinn trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcuraclam agus trí fhorbairt modúl
- Forbairt ghairmiúil na foirne teagaisc agus na stiúrthóirí taighde a chothú ar bhonn leanúnach

Tagann ár láidreachtaí sainsiúla taighde go maith le réimsí taighde straitéiseacha OÉ Gaillimh, mar atá, *feabhsú sláinte agus folláine, barr cumais a bhaint amach le cabhair sonraí agus teicneolaíochtaí cumasúcháin, agus ár bpláinéad agus ár ndaoine a chothú*. Gné rithábhachtach de na láidreachtaí taighde sin go gcuimsíonn siad topaicí cruthaitheacha, teoiriciúla, úrnua chomh maith leis na gnéithe sin den eolaíocht agus den innealtóireacht atá níos inaistrithí agus infheidhmí.

Féachfaimid leis an nuálaíocht a chur i bhfeidhm inár scoileanna agus inár gColáiste, go himmheánach agus go seachtrach, chun taighde, cláir oideachais, comhthionscadail, réitigh agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt.

Spreagaimid ár dtaighdeoirí chomh maith dul chun cinn a dhéanamh i réimsí taighde idir sheanbhunaithe agus nua. Tarraingeoimid ónár saineolas idirdisciplíneach chun difear a dhéanamh trí fhócas ár gcuid taighde agus nuálaíochta a ghéarú agus creat SDG na Náisiún Aontaithe á úsáid againn mar threoirphlean chun go mbeadh todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe romhainn.

Díreimid na láidreachtaí agus an uailmhian atá againn i réimsí an taighde agus na nuálaíochta ar cheithre réimse ar leith.

Gné	Dúshlán
Fiosracht agus fionnachtain	An fhiosracht, fionnachtain bhunúsach agus taighde físiúil, ardriosca a chothú
Nuálaíocht sláinte	Dlús a chur leis an tuiscint atá againn ar ghalair, agus réitigh bhunathraitheacha a sholáthar don tsláinte
Sonraí Cinntitheacha	Cuir chuige nuálaíocha atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt chun bonn eolais a thabhairt don chinnteoireacht agus a rachaidh chun tairbhe na sochaí
Todhchaí Inbhuanaithe	Ceannasaíocht a thabhairt don aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe trí réitigh nuálaíocha a fhorbairt





“Tá an Coláiste seo againne dírithe ar dhaoine, agus is mór againn an éagsúlacht”

Spriocanna Measa

Tuigimid go maith go mbeidh rathúlacht an Choláiste, ar aon dul le straitéis OÉ Gaillimh, ag brath ar thimpeallacht chomhroinnte a chruthú, áit a bhfuil meas agus ómós againn dá chéile.

Táimid tiomanta timpeallacht a chothú ina n-airíonn ár ndaoine, ár gcomhaltaí foirne agus mic léinn, go bhfuil luach orthu agus go bhfuiltear ag cur ar a gcumas a ndícheall a dhéanamh, agus ina gcaithimid lena chéile le dínit agus le meas.

Cothófar muinín ionainn féin i dtimpeallacht ina léirímid meas ar a chéile agus beidh an mhuinín sin le braintint ar fud an Choláiste, áit a mbeidh tionchar bunathraitheach aici ar an méid a bhainimid amach.

Tá an Coláiste seo againne dírithe ar dhaoine, agus is mór againn an éagsúlacht. An fhís atá againn cultúr a leabú sa Choláiste ina léirítear meas ar gach daoine i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí.

Cuirfidh creidiúnú Athena Swan ár scoileanna ar ár gcumas an t-athrú a bhrú chun cinn. Féachfaimid le haghaidh a thabhairt ar riachtanais comhaltaí foirne agus mac léinn, go gcuirfí comhdheiseanna ar fáil do chách agus go gcaithfí go cothrom leo chomh maith le timpeallacht oibre agus foghlama atá idir chuimsitheach agus shábháilte a chothú.

Déanfaimid éascaíocht dár bhfoireann barr a gcumais a bhaint amach trí bhéim a leagan ar mheantóireacht agus ar fhorbairt ghairmiúil.

Cinnteoimid go mbainfidh gach duine dár mic léinn leas as eispéreas foghlama agus ollscoile atá dírithe ar mhic léinn, bunathraitheach agus cuimsitheach, ar eispéreas é a chuirfidh ar a gcumas a mbuanna dúchais a aithint agus a n-uailmhianta mar shaoránaigh dhomhanda agus mar eolaithe, innealtóirí agus nuálaithe an todhchaí a bhaint amach.

Gnéithe faoi leith dár straitéis Measa:

- Cultúr an mheasa a chur chun cinn agus a chothú chun go mbeimid in ann a bheith muiníneach asainn féin
- An Coláiste a shaibhriú tríd an éagsúlacht agus an chuimsitheacht a chur chun cinn, agus trí chinntiú nach ndéanfar leithcheal, ciapadh ná íospairt ar aon duine
- Múnlaí do leithdháileadh ualaí oibre a chur i bhfeidhm atá idir chothrom, sholúbtha agus trédhearcach agus atá in ann fairsinge chion na foirne a chur san áireamh chun go mbeadh comhdheiseanna ann do gach duine





“A bheith níos oscailte, breathnú amach i dtreo an tsaoil mhóir níos minice agus dul sa seans sinn féin”

Spriocanna Oscailteachta

Cuireann an Coláiste seo an-bhéim ar thaighde agus aithnímid a luachmhaire is atá sé a bheith rannpháirteach leis an domhan agus lenár gcomhpháirtithe. Ligfidh an rannpháirtíocht sin dúinn ár dtionchar a uasmhéadú agus deiseanna oideachais cuimsitheacha a chur ar fáil do gach duine.

An fhís atá againn a bheith níos oscailte agus aghaidh a thabhairt ar an saol mór, an caidreamh atá againn le mic léinn agus comhpháirtithe idirnáisiúnta a fhorbairt, ár léargas domhanda a shaibhriú, ár n-uailmhianta a bhaint amach agus aitheantas a fháil as a bhfuil déanta againn.

Gné rithábhachtach is ea an chaoi a bhféachtar orainn nuair atáthar ag iarraidh a bheith rathúil go hidirnáisiúnta. Tá tionchar nach beag ag cáil na hollscoile ar a tharraingtí atáimid agus muid ag féachaint le comhaltaí foirne agus mic léinn ar ardchaighdeán a earcú ar bhonn inbhuanaithe, ar ár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta straitéiseacha, agus ar ár gcomhthionscadail taighde. Tacaíonn ár gcáil acadúil, mar sin, leis na huailmhianta atá againn.

Féachfaimid lenár gcomhpháirtíochtaí a láidriú agus a shaibhriú chun a chinntiú go bhfuil ár dtaighde agus teagasc ag tabhairt aghaidh ar riachtanais na sochaí, agus glacaimid orainn an fhreagracht a bheith níos oscailte agus níos inbhuanaithe.

Gnéithe lárnacha dár straitéis Oscailteachta:

- Fáilte a chur roimh chohórt mac léinn idirnáisiúnta níos mó agus níos éagsúla ag gach leibhéal, go mór mór ag an leibhéal focheime, agus iad a chomhtháthú inár dteagasc agus taighde
- Comhthionscadail straitéiseacha atá dírithe ar an nuálaíocht a fhorbairt agus a chothú leis an earnáil thionsclaíoch agus le hionaid taighde chlúiteacha den chéad scoth
- Rannpháirtíocht a leathnú agus na bealaí chun rochtain a fháil ar oideachas a fhorbairt
- Úsáid a bhaint as soghluaisteacht agus comhoibriú chun deiseanna idirnáisiúnaithe a sholáthar dár gcomhaltaí foirne agus mic léinn

Beidh rian an idirnáisiúnaithe le braistint inár n-iarrachtaí acadúla, ár bpobal agus ár n-oibríochtaí. Cuirfidh sé le caighdeán agus le tionchar an oideachais a chuirimid ar fáil agus an taighde atá idir lámha againn, cinnteoidh sé ár n-inbhuanaitheacht airgeadais trí rochtain níos fearr a thabhairt dúinn ar mhaoiniú taighde agus ar mhargai earcaíochta, agus cuirfidh sé eispéireas saibhirthe ar fáil dúinn.



“Féachfaimid leis an gcéad ghlúin eile céimithe eolaíochta agus innealtóireachta a fhorbairt mar cheannairí inbhuanaitheachta na todhchaí trínár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde.”

Spriocanna Inbhuanaitheachta

Aithnímid an fhreagracht atá orainn a bheith inár n-eiseamláirí inbhuanaitheachta ag leibhéal an duine aonair agus ag leibhéal an Choláiste.

Tá tábhacht nach beag ag baint lenár bpobal eolaithe agus innealtóirí agus iad ag cur réitigh ar fáil chun go mbeadh todhchaí níos inbhuanaithe againn. Féachfaimid leis an gcéad ghlúin eile céimithe eolaíochta agus innealtóireachta a fhorbairt mar cheannairí inbhuanaitheachta na todhchaí trínár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde.

An cur chuige atá ag Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh ‘an inbhuanaitheacht a fhoghlaim, a ghlacadh chugainn gach lá agus a spreagadh’. An fhís atá againn litearthacht inbhuanaitheachta a leabú inár dteagasc agus taighde (foghlaim), ár gColáiste agus ár ngníomhaíochtaí taighde, teagaisc agus earcaíochta a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe (maireachtáil), agus ár saineolas taighde a chur chun feidhme chun go dtabharfadh torthaí ár gcuid oibre aghaidh ar SDGanna na Náisiún Aontaithe, agus go n-imreodís siad tionchar orthu (ceannasaíocht).

Agus Comhaontú SDG sínithe ag OÉ Gaillimh, tugann ségealltanas go bhféachfaimid le gach mórthionscnamh a ailíniú le SDGanna na Náisiún Aontaithe, mar aon lena spriocanna agus táscairí. Mar sin, agus SDGanna na Náisiún Aontaithe á n-úsáid againn mar threoirphlean, díreoidimid ár láidreachtaí agus ár n-uailmhian ar:

- Teacht i tír ar ár láidreachtaí idirdhisciplíneacha chun fócas ár gcuid taighde agus nuálaíochta a ghéarú le go mbeimid in ann an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú trí réitigh nuálaíocha a fhorbairt.
- Béim a leagan ar chleachtais inbhuanaitheachta agus muid i mbun ár ngníomhaíochtaí taighde
- Inbhuanaitheacht a leabú inár gcláir agus inár dteagasc
- Ár scoileanna a chumhachtú mar bhunaonad eagraíochtúil na ngníomhaíochta acadúla sa Choláiste chun an leas is fearr a bhaint as sineirgí idirdhisciplíneacha i dteagasc agus i dtaighde araon, agus chun go dtacófaí le forbairt inbhuanaithe





Ár Straitéis Seachadta a Leabú

In larscribhinn (www.nuigalway.ie/science-engineering/strategicplan), leagamar amach ár bPlean Gníomhaíochta Straitéisí chun thodhchaí na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta a chothú, chomh maith chun na spriocanna Barr Feabhais, Measa, Oscailteachta agus Inbhuanaitheacha atá againn a bhaint amach.

Inár bPlean Gníomhaíochta, nascaimid ár spriocanna go comhsheasmhach leis na tiomantais agus na príomhghníomhartha sin arna sainmhíniú i Straitéis OÉ Gaillimh 2020-2025, chomh maith le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus bainimid úsáid as cóid tagartha atá ag freagairt dóibh. Treisíonn an cur chuige seo idirnascthacht ár gcuspóirí le gach ceann de na luachanna, agus le mórstraitéis OÉ Gaillimh, chomh maith leis an gcreat forbartha inbhuanaithe domhanda.

Cuirfidh gach ceann dár gcoistí Coláiste (Oideachas agus Mic Léinn; Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú; Staidéar Iarcheime; Idirnáisiúnu; Taighde agus Nuálaíocht; Earcaíocht Mac Léinn agus Rannpháirtíocht leis an bPobal) Pleananna Forfheidhmithe Straitéise i dtoll a chéile, chomh maith le gníomhartha cumasacháin, do gach ceann de na spriocanna atá ailínithe lena réimsí fócais faoi seach.

Tabharfar ár gcuspóirí straitéiseacha agus na Pleananna Forfheidhmithe Straitéise chun críche trí phleananna oibriúcháin bliantúla ár scoileanna agus institiúidí taighde.

Lorgóimid tuairimí na mac léinn agus cinnteoidimid go n-áireofar a n-ionchur agus muid i mbun pleanála agus forfheidhmithe.

Cuirfidimid tús le Ciste Straitéiseach Coláiste le go ndéanfar infheistíocht a ailíniú le bunluachanna agus lenár spriocanna straitéiseacha. Ní féidir linn a bhfuil beartaithe againn a bhaint amach linn féin agus oibreoidimid i gcomhpháirtíocht leis na láraonaid tacaíochta agus na Coláistí eile ar fud OÉ Gaillimh, chomh maith lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha, chun ár bhfís a chur i gcrích.

Tríd an straitéis seo a leabú inár n-obair laethúil, inár dteagasc agus ár dtaighde, agus tríd an inspioráid a fhaighimid ónár gcuspóir agus ár n-áit, cuirfidimid ár saineolas chun feidhme le go mbeidh Gaillimh ar thús cadhnaiochta maidir le hoideachas agus nuálaíocht i réimsí na heolaíochta agus na hinnealtóireachta.

Díreoidimid ár n-iarrachtaí ar bhonn leanúnach ar *mheas, barr feabhais, oscailteacht* agus *inbhuanaitheacht* mar luachanna a éascóidh ár bhfís.



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta

Plean Straitéiseach

2021 - 25